# Scéim Faoisimh Tuilte Ráth Mealtain



## Nuachtlitir Meán Fómhair 2025

SAN EAGRÁN SEO


| | |
|---|---|
| Samhaltú Hiodrálach & Imscrúdaithe Talaimh | Lch 2 |
| Roghnúchán & Gníomhaíochtaí Timpeallachta | Lch 3 |
| Na Chéad Chéimeanna Eile | Lch 4 |


# An Scéal Is Déanaí

Seo an ceathrú nuachtlitir déag do Scéim Faoisimh Tuilte Ráth Mealtain. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí a rinneadh ó foilsíodh an nuachtlitir dheiridh áirítear roghnúchán agus gníomhaíochtaí timpeallachta.

# Samhaltú Hiodrálach

Forbraíodh an tsamhail hiodrálach do Ráth Mealtain agus rinneadh tástáil uirthi. Tá Tuarascáil Hiodrálach dréachtaithe do Scéim Faoisimh Tuilte Ráth Mealtain.

Suirbhéireachtaí agus Imscrúduithe

D'aithin an fhoireann tionscadail ceantair le haghaidh tuilleadh imscrúdaithe i gconradh imscrúdaithe talaimh, clúdóidh sé seo na ceantair ina bhfuil bearta féideartha faoisimh tuilte á gcur san áireamh mar chuid den mheasúnacht roghnúcháin.

Roimh an chonradh sin, rinne saineolaithe Measúnú Tionchair Seandálaíochta (MTS) agus Scagadh Measúnaithe Cuí (MC) le tionchair a d'fhéadfadh teacht ó na himscrúduithe ar an dtimpeallacht máguaird a mheas. Tá na tuairiscí á gcur i gcrích ag na saineolaithe.

Táthar ag súil go ndéanfar na suirbhéireachtaí imscrúdaithe talaimh go luath in 2026.

Rinneadh suirbhéireacht sruth éalaithe feadh Bhalla an Ché agus Aibhneacha taobh isitgh de Ráth Mealtain. Rinne an suirbhé taifead ar gach suíomh sruth éalaithe, an airde, an t-ábhar trastomhais agus a gcáilíocht. Cuirfidh na torthaí eolas ar fáil d'fhorbairt deartha na scéime.



Suirbhéireacht Sruth Éalaithe Abhainn Ráth Mealtain

# Roghnúchán

Tá an chéim roghnúcháin do Scéim Faoisimh Tuilte Ráth Mealtain ar siúl. D'aithin an fhoireann tionscadail na bearta féideartha agus rinne measúnú orthu trí shamhaltú hiodrálach agus measúnachtaí indéantachta. Ullmhaíodh dréacht-tuairisc agus tá sí á nuashonrú de réir mar a théann an chéim roghnúcháin ar aghaidh. Eiseofar Leasú 01 den Tuairisc chuig Comhairle Contae Dhún na nGall le haghaidh athbhreithniú sa tréimhse atá romhainn.

## Réitigh Bunaithe ar an Nádúr (NbS)

Tá an Tuarascáil maidir le Réitigh Bhunaithe ar an Nádúr (NbS) leasaithe chun na léarscáileanna tuilte nuashonraithe a chur san áireamh. Is bearta tuilte maolaithe iad Réitigh Bunaithe ar an Nádúr a oibríonn trí uisce a stóráil nó a laghdú sa timpeallacht. Ligeann sé seo don tsruth sreabhadh amach go fadálach, mar shileadh isteach sna haibhneacha agus sna srutháin, trí shú isteach sa mhaoschlár, nó trí mhoilliú ar shreabhadh uisce feadh na n-uiscebhealaí. Trí shileadh a mhoilliú nó a laghdú, is féidir an baol tuilte leis an sruth a mhaolú.

Is gnáth go mbíonn cosaintí innealtóireachta ar thuilte, amhail ballaí tuile, claífoirt agus struchtúir rialaithe tuilte, ina samplaí de dhearadh crua-innealtóireachta, ach, cuimsíonn Réitigh Bunaithe ar an Nádúr (NbS) crainn nó fásra a phlandú, dambaí ligeacha, cleachtais bainistíochta talaimh agus portaigh.

Is féidir cosaintí innealtóireachta ardaithe a thógáil le cosaint dhíreach ar thuilte a sholáthar do mhaoine nó do cheantair uirbeacha, ach de ghnáth cuirtear Réitigh Bunaithe ar an Nádúr (NbS) i bhfeidhm i ndobharcheantair uachtaracha (i gceantair thuaithe, neamhfhorbartha) leis an ráta ina dtéann sileadh báistí isteach sna sruthchúrsaí a laghdú.

Beidh na conclúidí agus na moltaí ón tuairisc ar na Réitigh Bunaithe ar an Nádúr (NbS) agus ón mheasúnacht á gcur san áireamh mar chuid de chéim roghnúcháin na scéime faoisimh tuile.



Balla Ché Ráth Mealtain

# Gníomhaíochtaí Timpeallachta

Cuireadh cóireáil le haghaidh speicis ionraigh balsam Himiléach i gcrích ag tús an tsamhraidh, agus tá cóireáil le haghaidh ghlúineach bhiorach le tarlú go luath san fhómhar.

Nuair a bheas na Roghanna deimhnithe, rachaidh measúnú scóipe do shainsuirbhéireacht timpeallachta ar aghaidh, lena n-áirítear torann agus creathadh, cáilíocht an aeir, agus an tírdhreach agus gnéithe amhairc.



Loch Drongáin – Ráth Mealtain

# Na Chéad Chéimeanna Eile?

Sna míonna atá romhainn, beidh an Fhoireann Tionscadail ag obair ar:

- **An Tuairisc Roghnúcháin a chur i gcrích**
- **Shamhaltú Hiodrálach ar Roghanna Faoisimh Tuilte**
- **An Chonradh um Imscrúduithe Talaimh.**

# Déan Teagmháil Linn

Más mian leat teagmháil a dhéanamh leis an Fhoireann Tionscadail s'againn i dtaca le ceist ar bith a bhaineann le Scéim Cosanta Tuilte Ráth Mealtain, tig sin a dhéanamh ar na bealaí seo a leanas:

### Ríomhphost

RameltonFRS@Ayesa.com

### Gnáthphost

Bainisteoir Tionscadail Scéim Faoisimh Tuilte Ráth Mealtain

Ayesa Building

2100 Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí

Bóthar Chionn tSáile

### Fón

+353 (0) 21 240 7988

**Más mian leat aon eolas eile a fháil i dtaca leis an Scéim, lena n-áirítear an clár, tabhair cuairt ar an tsuíomh gréasáin s'againn:**

www.floodinfo.ie/frs/en/ramelton/home/